C/2025/454

21.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/454)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Coteaux de Die’

PDO-FR-A0397-AM02

Dáta na teachtaireachta: 21 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. Lipéadú

I Roinn XII ‘Rialacha maidir le cur i láthair agus lipéadú’ de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 2 ‘Forálacha speisialta’ chun na rialacha lipéadaithe maidir le tagairt a dhéanamh don aonad geografach níos leithne ‘Vignobles de la Vallée du Rhône’ a áireamh, mar a leagtar amach sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí cosanta agus bainistíochta lena mbaineann. Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad sin a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Cuireadh an leasú sin sa doiciméad aonair, faoin gceannteideal ‘Coinníollacha breise’.

2. Limistéar geografach

I Roinn IV ‘Limistéir agus áiteanna ina ndéantar na hoibríochtaí éagsúla’ de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, forlíonadh pointe 1 ‘Limistéar geografach’ chun ainmneacha na mbardas a thabhairt cothrom le dáta agus a cheartú, gan an limistéar geografach a leasú.

Scriosadh bardais Aix-en-Diois agus Molière-Glandaz agus cuireadh bardas Solaure en Diois isteach.

Cuireadh an ceartúchán sin ar ainmneacha na mbardas sa doiciméad aonair, faoin gceannteideal ‘Limistéar geografach críochaithe’.

3. Mionsonraí an chomhlachta cigireachta

Tugadh Roinn II ‘Tagairt don chomhlacht cigireachta’ de Chaibidil III den tsonraíocht táirge cothrom le dáta chun a shonrú nach mór seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a dhéanamh ar bhonn plean cigireachta formheasta agus nach mór do chomhlacht tríú páirtí a thairgeann ráthaíochtaí inniúlachta, neamhchlaontachta agus neamhspleáchais arna dtarmligean ag an Institiúid Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta an méid sin a dhéanamh.

Ní dhéanann an nuashonrú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. Ainm (nó ainmneacha)

Coteaux de Die

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC - Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód le haghaidh na hAinmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Úsáidtear an t-ainmniúchán tionscnaimh 'Coteaux de Die' go heisiach le haghaidh fíonta socra geala a dhéantar as fíonchaora den chineál Clairette B. Tá méid siúcra níos mó ná 170 ghram in aghaidh an lítir úrfhíona sna fíonchaora. Is é 10,5 % neart alcóil nádúrtha íosta na bhfíonta de réir toirte. Tar éis coipeadh, tá méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta nach mó ná an aigéadacht iomlán arna sloinneadh i ngraim in aghaidh an lítir d'aigéad tartarach móide 2, suas le 6 ghram de shiúcra choipthigh in aghaidh an lítir ar a mhéad. I ndiaidh an tsaibhrithe, ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfíonta níos airde ná 13 %. Tá na critéir anailíseacha eile i gcomhréir le rialacha an Aontais.

Bíonn dath éadrom ar na fíonta i gcoitinne, agus bíonn dea-bholaithe galánta bláthacha agus torthaíocha orthu, amhail úll, agus cothromaíocht mhaith alcóil agus aigéadachta sa bhéal.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) —

— Aigéadacht iomlán íosta i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Modhanna fíonsaothrúcháin

Modh saothraithe

Níl an t-achar atá ar fáil do gach planda níos mó ná 2,20 méadar cearnach. Ríomhtar an t-achar dromchla sin tríd an spásáil idir sraitheanna a mhéadú faoin spásáil idir plandaí.

Ní mó ná 2,5 méadar an spásáil idir na sraitheanna.

Ní mór gur 0,80 mhéadar ar a laghad í an spásáil idir na plandaí sa tsraith chéanna, agus ní mór nach mó ná 1,50 méadar í.

Déantar treorú Guyot nó prúnáil spoir (treorú cordon de Royat) ar na fíniúnacha, le 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

Féadfar uisciú a údarú.

2. Cleachtais fhíoneolaíocha

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Ní mór go gcomhlíonann na cleachtais fhíoneolaíocha uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

5.2. *Uastáirgeacht*

60 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buantar na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aosaítear na fíonta i gcríoch na mbardas seo a leanas i roinn Drôme: Aouste-sur-Sye, Aubenasson, Aurel, Barsac, Barnave, Beaufort-sur-Gervanne, Châtillon-en-Diois, Die, Espenel, Laval-d'Aix, Luc-en-Diois, Menglon, Mirabel-et-Blacons, Montclar-sur-Gervanne, Montlaur-en-Diois, Montmaur-en-Diois, Piegros-la-Clastre, Ponet-et-Saint-Auban, Pontaix, Poyols, Recoubeau-Jansac, Saillans, Saint-Benoît-en-Diois, Saint-Roman, Saint-Sauveur-en-Diois, Sainte-Croix, Suze, Solaure en Diois, Vercheny agus Véronne.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Clairette B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)s**

Tá an limistéar geografach suite soir ó dheas ó bhardas Valence, sa chuid thuaidh de bhunchnoic theas na nAlp. Ó dheas ó Vercors, i ngleann abhainn Drôme, tosaíonn an aeráid ag léiriú thionchair na Meánmhara, tionchair a maolaíonn na sléibhte in aice láimhe iad. Forbraítear fíonghoirt anseo, a chuirtear le cineálacha fíniúna deisceartacha den chuid is mó, lena n-áirítear Clairette B.

Tá saineolas an duine tar éis na cineálacha sin a oiriúnú, agus an úsáid is fearr a bhaint astu in ithreacha marla nó aolchloiche, ar na *serres* [téarma áitiúil le haghaidh fánaí] agus ar leicne cnoic lena bhfuil nochtadh agus draenáil den scoth. Chuir na cruatain agus na srianta fisiceacha ar chumas fíonsaothraithe taithí agus saineolas a bhailiú maidir leis na cineálacha sin a oiriúnú do chásanna éagsúla. Is gnách go leagtar amach na hithreacha clochacha ar na léibhinn Cheathartha, na feananna gláracha agus an scileach faoi na hiomairí aolchloiche le haghaidh chineál Clairette B. Is cineál tipiciúil de chuid Provence é. Anseo, tá sé ar an imeall is faide amach den limistéar ina bhfuil an aeráid oiriúnach chun é a aibiú. Mar thoradh air sin, tá aigéadacht agus fíneáltacht dea-bholaithe ag baint leis.

Ó ghlúin go glúin de tháirgeoirí, tá saineolas forbartha chun fíonta súilíneacha agus socra a dhéanamh agus teicnící éagsúla á n-úsáid. Fuair na fíonta sin go léir a gcáil faoin ainm 'Clairette de Die'.

D'ainneoin na bhfíonghort a bheith ann agus táirge a bhfuil cáil air a théann siar go dtí na cianaoiseanna, ní raibh mórán eolais ar fhíon ó Die ar feadh i bhfad. Go deimhin, idir an 15ú agus an 18ú céad, d'óltaí 'Clairette de Die' den chuid is mó san áit ina dtáirgtí é nó i sléibhte Diois, Dévoluy, Trièves agus Vercors in aice láimhe. Is féidir a mheas gur cruthaíodh an cháil sin sna réigiúin máguaird le téacs 1748. Scríobh custaiméir in Mens, bardas Trièves, agus fíon á ordú aige, 'Toisc go bhfuil a fhios agam, i gcás *Clerete de Die*, go háirithe an ceann maith, go ndéantar an coipeadh a stopadh sula mbíonn sé críochnaithe.'

In 1781, scríobh Faujas de Saint-Fonds [geolaí as an bhFrainc] ina shaothar *Histoire Naturelle de la Province du Dauphiné* (stair nádúrtha chúige Dauphiné): 'Sa chúige seo, tá fíonta a bhfuil dea-cháil orthu fós ann, fíon súilíneach Die, cuir i gcás'.

Go luath, tugadh cosaint dhlíthiúil don cháil sin le foraithne an 21 Aibreán 1910, lenar aithníodh an t-ainmniúchán tionscnaimh oifigiúil 'Clairette de Die'. Ina dhiaidh sin, in 1942, fuair sé aitheantas mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe.Aithníodh 'Clairette de Die' ansin mar ainmniúchán tionscnaimh cláraithe. Mar thoradh air sin, d'fhás an fíonsaothrúchán go tapa agus cruthaíodh pobal áitiúil a bhí dírithe ar na fíonghoirt.

Bhain an pobal úsáid mhaith as an saineolas a bailíodh chun fíonta súilíneacha agus fíonta socra araon a dhéanamh as na cineálacha fíonchaoire a d'úsáidtí go traidisiúnta sa limistéar. An tráth sin, thagair an téarma 'Clerete' nó 'Clairette de Die' d'éagsúlacht fíonta geala lena n-áirítear fíonta socra agus fíonta súilíneacha a tháirgtear ó úrfhíon leathchoipthe nó ó bhunfhíonta. Rinneadh gach ceann acu as na cineálacha Muscat à petits gráin B agus Clairette B, ach bhí na comhréireanna éagsúil.

Mar sin féin, bhí an pobal áitiúil ag iarraidh an raon fíonta seo a dhéanamh níos inrochtana do thomhaltóirí. Ar an gcéad dul síos leagadh síos an próiseas táirgthe le haghaidh fíonta súilíneacha geala. Ina dhiaidh sin, bunaíodh go hoifigiúil le foraithne an 26 Márta 1993 an t-aitheantas agus an saineolas a bhaineann leis na fíonta socra a tháirgtear sa limistéar geografach céanna leis na fíonta súilíneacha, ag aithint an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe 'Coteaux de Die' ag tagairt d'fhíon geal socra a dhéantar as an gcineál fíonchaoire aonair Clairette B. Ós rud é nach mór na fíonchaora dul faoi aibiú níos faide ná iad siúd a úsáidtear chun fíonta súilíneacha a dhéanamh, ní tharlaíonn an táirgeadh ach i mblianta ina gcuireann na dálaí aeráide ar a gcumas do na fíonta sin fás go maith.

Bíonn dath éadrom ar na fíonta i gcoitinne, agus bíonn dea-bholaithe galánta bláthacha agus torthaíocha orthu, amhail úll, agus cothromaíocht mhaith alcóil agus aigéadachta sa bhéal.

Ag tús an 20ú céad, tháinig deireadh le cibé tionscal beag a bhí ann, i réimsí amhail fabraicí, páipéar agus síoda. Ina dhiaidh sin, faoi 2010, bhí táirgeadh fíona in Diois, lena n-áirítear an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Coteaux de Die' ar an bpríomhghníomhaíocht eacnamaíoch sa ghleann.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

a) An fhaisnéis roghnach uile, déantar í a phriontáil ar na lipéid i litreacha nach féidir a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúchán tionscnaimh chláraithe.

b) Féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a léiriú ar lipéid fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— is suíomh cláraithe é;

— tá sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Bíonn ainm an tsuímh chláraithe le feiceáil díreach tar éis an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint, agus déantar é a phriontáil i litreacha nach mó, ar airde ná ar leithead, ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

c) Féadfar an t-aonad geografach níos leithne 'Vignobles de la Vallée du Rhône' a shonrú ar lipéid fíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí éagsúla cosanta agus bainistíochta lena mbaineann.

Ní mór an fhaisnéis sin a bheith sa réimse radhairc céanna leis na mionsonraí sainordaitheacha uile, ní mór í a phriontáil i gcarachtair a bhfuil an dearadh grafach céanna agus an dath céanna orthu agus atá ar an ainmniúchán, agus ní fhéadfaidh siad sin a bheith níos mó ná dhá thrian de mhéid an ainmniúcháin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-773c6ccd-2ed8-4dbd-b6fd-98a1716b9e22